Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2024 (OR. en)**

**13757/24**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0272(COD)**

**CODEC 1840**
**CYBER 263**
**JAI 1416**
**DATAPROTECT 283**
**TELECOM 280**
**MI 814**
**CSC 560**
**CSCI 199**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht)<br>**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 15 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 9 Samhain 2022[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Nollaig 2022[3].

4. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

[1] 12429/22 + ADD 1 go ADD 6.
[2] IO C 452, 29.11.2022, lch. 23.
[3] IO C 100, 16.3.2023, lch. 101.

5. An 12 Márta 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Pharlaimint ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 16 go dtí an 19 Meán Fómhair 2024. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na hInstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 100/23 é, mar aon leis an dearbhú comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;

- a chinneadh an ráiteas comhpháirteach thuasluaite a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a fhoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ar choinníoll go bhformheasfaidh an Chomhairle é.

7. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 13431/24.